

Ceacht Prionta le Ranganna 3 go dtí 4

‘Monaiphriontáil: Radharcanna Sráide, Spéirlínte’

Gemma Mc Girr

<u>Snáth Curaclaim:</u>	Prionta (Curaclam Amharcealaíona lch. 52)
<u>Cuspóir:</u>	<i>Réimse níos leithne de theicnící déanamh priontaí a úsáid chun priontaí téamabhunaithe nó neamhthuarisciúla a dhéanamh (lch. 52)</i>
<u>Nasc:</u>	Péint agus Dath > <i>An saol samhlaíoch á léiriú agus téamaí samhlaíocha á léirmhíniú trí úsáid léiritheach a bhaint as dath (lch. 50)</i> Líníocht > <i>An saol samhlaíoch á léiriú agus téamaí samhlaíocha á léirmhíniú le patrúin agus sonraí airgtheacha (lch. 48)</i>
<u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u>	
<u>Eolaíocht:</u>	<i>Conas is féidir ábhair a úsáid i dtógáil a fhiosrú (lch. 66)</i>
<u>Tíreolaíocht:</u>	(1) <i>Príomhghnéithe na timpeallachta tógtha sa chomharsanacht agus i gcuid éagsúil d’Éirinn a fhiosrú, a scrúdú agus a thuiscint (lch. 54)</i> (2) <i>Déan staidéar ar ghnéithe de thimpeallacht agus de shaol daoine in ionad amháin san Eoraip agus in ionad amháin i gcuid eile den domhan (lch. 56)</i>
<u>Stair:</u>	<i>Fiosraigh gnéithe áirithe den timpeallacht áitiúil go gníomhach (lch. 45)</i>

Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

Ábhair Riachtanacha: Páipéar cruthaíonn bileoga de pháipéar daite siúcra éifeachtaí gleoite, bileoga prionta nuachta
Dúch blocphriontála (uiscebhunaithe) sna príomhdhathanna, agus i ndubh agus bán
Leatháin Peirspéacs nó leacáin (nó aon dromchla mín neamhscagach) de mhéid A3 nó A4
Rollairí
Cipíní líreacáin nó uirlisí plaisteacha cré le barr cothrom
Ceirteacha J-cloth (nó seantuáillí tae/tuáillí gearrtha go méid éadach aghaidhe)
Nuachtáin chun na boird a chlúdach

Spreagadh: “Déan cur síos ar radharc sráide/spéirlíne san áit a bhfuil cónaí ort. Cad iad na cruthanna a fheiceann tú? An bhfuil foirgneamh ar bith ann? An bhfuil siad go léir chomh hard céanna? An seasann aon cheann acu amach sa spéirlíne? An bhfuil aon sainchomhartha inaitheanta ann? Más spéirlíne tuaithe atá ann, déan cur síos ar a bhfuil le feiceáil agat. An seasann aon sainchomhartha nó cruth amach? Dá bhféadfá gné a chur le do spéirlíne cad a bheadh ann? Samhlaigh spéirlíne baile/cathrach/tuaithe sa todhcháil...”

Gníomhaíocht: Míniú agus taispeáin an teicníc monaiphriontála do na leanaí, agus léirigh nach gá mórán den dúch priontála a fháisceadh amach. Tá na cipíní líreacáin agus na huirlisí cré go hiontach chun líniú ar an Peirspéacs a bhfuil dúch air.
Lig do na leanaí an páipéar daite ba mhaith leo a úsáid a roghnú chun a gcuid priontaí a dhéanamh.
Is féidir leo líniú go díreach ar an bPeirspéacs le cipín líreacáin nó le huirlis chré le barr cothrom plaisteach agus prionta a thógáil. Gheobhaidh siad amach go tapa faoin éifeacht scátháin.
Nuair a chuirtear bileog pháipéir ar an dromchla dúigh tig leis na leanaí líniú air, é a rolladh le rollaire tirim agus é a ardú chun a líníocht a

fheiceáil ina phrionta. Nuair a bhíonn na leanaí sásta lena bpriontaí, síníonn siad iad mar a dhéanann ealaíontóirí!

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair a bhíonn siad réidh, tabhair am dóibh chun a bpriontaí a phlé, má bhí deacrachtaí acu agus conas ar sháraigh siad iad. Is féidir é seo a dhéanamh le 'Cathaoir an Ealaíontóra' mar a dtaispeánfaidh na leanaí a gcuid priontaí ar a seal agus tuairisc a thabhairt orthu. Foghlaimeoidh siad a lán ón ngníomhaíocht seo agus beidh feabhas le feiceáil ar ghníomhaíochtaí priontaí eile níos déanaí. Cuir priontaí na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorchla. Spreag na leanaí chun freagairt do phictiúir/grianghraif d'fhoirgnimh agus de spéirlínte spéisiúla, m.sh. Teach Hudearwasser.

Gníomhaíochtaí breise:

Féadfaidh na leanaí réimse den Pheirspéacs dúigh a chumhdach chun stionsal a chruthú agus prionta a thógáil. Féadfaidh cruth ar bith a bheith sna stionsail seo agus nuair a thógtar na priontaí is féidir an stionsal a ardú agus a úsáid chun prionta dearfach a dhéanamh ar bhileog eile.

Féadfaidh na leanaí póstaer a dhéanamh leis an teicníc cumhdaigh. Is féidir réimse/réimsí téacs a chumhdach (le cibé cruthanna a mheasann na leanaí a chuirfeadh le díol suime an phóstaer), an prionta a dhéanamh agus an téacs a chur leis nuair a bhíonn sé tirim. Trí réimsí a chumhdach d'fhéadfadh na leanaí freisin priontaí spéisiúla a dhéanamh mar fhrámaí do ghrianghraif nó dá saothar scríofa.

Féidearthachtaí TCF:

Má tá póstaer á dhéanamh leis an teicníc chumhdaigh, d'fhéadfaí an téacs a scríobh le Word Art ar an ríomhaire.

Má tá an prionta á úsáid mar fhráma do shaothar scríofa, is féidir é seo freisin a dhéanamh ar ríomhaire le Word nó Word Art.

An DVD Is Ealaíontóir Mé

a Úsáid:

Tugann na cláir *Prionta* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag déanamh monaíphriontí, trí líniú ar an bPeirspéacs agus an teicníc chumhdaigh a úsáid.

Nóta:

Fuair mé amach gur mhór an chabhair é soláthar ceirteacha taise a choineáil ar na boird chun an Peirspéacs a ghlanadh idir priontaí, is féidir leis na leanaí iad a shruthlú go rialta iad féin. Sparálann sé a lán méiseála le linn an ranga. Fuair mé amach freisin gur maith an rud na boird a chlúdach le nuachtáin mar gur féidir leis na dúigh greamú agus marcanna a fhágáil ar na boird.

D'fhéadfaí an ceacht seo a dhéanamh freisin le Ranganna 5 go dtí 6.

Ealaíontóirí Ábhartha:

Hundertwasser

Ealaíontóirí eile atá ábhartha dar leat féin

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

Tá a lán grianghraif agus eolais faoi Teach Hundertwasser sa Vín le fáil sna suíomhanna seo. Tá sé an-spéisiúil agus go hálainn, dar liom féin.

http://www.outbackphoto.com/places/2000/20001022_Hundertwasser.html

Is teach árasáin i Vín na hOstaire é an Teach Hundertwasser, deartha ag an ealaíontóir Ostarach Friedensreich Hundertwasser. Tá urláir dhroimnéacha ann, díon clúdaithe le cré agus féar, agus crainn mhóra ag fás as na seomraí, le craobhacha ag síneadh ó na fuinneoga.

<http://en.wikipedia.org/wiki/Hundertwasserhaus>